



M Á R T A 2 0 2 4

Clár

Teachtaireacht an Uachtaráin	3
Do Threibh, Do Chontae	4
An Laoch ar Lár	5
Ár gCluichí Ár Laochra - Seán Ó Sé	7
Camchuairt Cheolmhar na hÉireann	9
10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!	10
Aimsigh na Seaimpíní	12
Naomh Tomás agus An Gleann in uachtar i nGradaim Imreoirí Club AIB CLG	13
'Lá na gClub' ag filleadh ar Luan na Cásca	15
Bíodh gach Seachtain ina Seachtain na Gaeilge	17
Iarlaith Ó Broin – Uachtarán Nua Chumann Lúthchleas Gael	18
An tAgallamh Mór – Gráinne McElwain	19
An tarraingt déanta do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2024	20
Crosfhocal	21
Freagraí	24
Scór Sinsear 2024 ar na bacáin	25

Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh don chéad uair mar Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael chuig an eagrán is deireanaí seo de ‘Cuaille’, iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Is gné antábhachtach í an Ghaeilge d’obair an Chumainn agus is rud í atá an-ghar do mo chroí. Tugann rudaí ar nós na hirise seo deis dúinn í a shníomh isteach go nádúrtha inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí. Tá nasc láidir idir ár gcluichí agus an Ghaeilge agus tá an t-ádh orainn mar Chumann go bhfuil an Ghaeilge ag an oiread ball agus imreoirí ‘is atá.

San eagrán is deireanaí seo de ‘Cuaille’, gheobhaidh sibh na míreanna rialta ‘Ár gCluichí, Ár Laochra’, Do Threibh, Do Chontae’, crosfhocal, cuardach focal chomh maith le gné-ailt éagsúla agus go leor leor eile. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Fán am seo, tá Seachtain na Gaeilge druidte chun deiridh ach bíodh gach seachtain ina ‘Seachtain na Gaeilge’ agaibh. Na déanaigí dearmad go dtig libh coinneáil suas chun dáta leis an nuacht is déanaí i dtaca leis na cluichí agus imeachtaí eile de chuid an Chumainn ar rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín Chumann Lúthchleas Gael, áit a bhfuil neart acmhainní agus tacaíochtaí Gaeilge le fáil go héasca.

Tá mé ag súil go mór le mo théarma mar Uachtarán agus leis an iliomad tograí, cluichí agus gníomhaíochtaí de chuid an Chumainn a fheiceáil. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo de Chuaille agus as na hailt agus na gníomhaíochtaí éagsúla atá le fáil ann.

Beatha teanga í a labhairt!

Beirigí bua agus beannacht,

Iarlaith Ó Broin

Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael

Iarlaith Ó Broin



Do Threibh, Do Chontae



Cad iad dathanna do chontae?



LAIGHIN

Áth Cliath – Gorm agus Dúghorm
An Mhí – Glas agus Ór
Cill Dara – Bán
Ceatharlach – Dearg, Buí agus Glas
Lú – Dearg agus Bán
Cill Mhantáin – Gorm agus Ór
Loch Garman – Corcra agus Ór
Cill Chainnigh – Dubh agus Ómra
Laois – Gorm agus Bán
Uíbh Fhailí – Glas, Bán agus Ór
An Longfort – Gorm agus Ór
An Iarmhí – Marún agus Bán

ULAI DH

Muineachán – Bán agus Gorm
An Cabhán – Gorm agus Bán
Dún na nGall – Ór agus Glas
An Dún – Dearg agus Dubh
Doire – Bán agus Dearg
Ard Mhacha – Oráiste agus Bán
Tír Eoghain – Bán agus Dearg
Aontroim – Crócbhuí agus Bán
Fear Manach – Glas agus Bán

CONNACHTA

Gaillimh – Marún agus Bán
Maigh Eo – Glas agus Dearg
Ros Comáin – Dath an tSabhaircín agus Gorm
Sligeach – Dubh agus Bán
Liatroim – Glas agus Ór
Londain – Glás agus Bán

AN M H U M H A I N

Ciarraí – Glas agus Ór
Corcaigh – Dearg agus Bán
Luimneach – Glas agus Bán
An Clár – Crócbhuí agus Gorm
Tiobraid Árann – Gorm agus Ór
Port Láirge – Bán agus Gorm



An Laoch ar Lár

Le Liam Mac an Mhaoir

Ní raibh aon súil againn leis an ndrochscéal
Ach scaip sé go tapaidh 'nár measc
Gur leagadh duine dár laochra
Is Teddy bocht scuabtha go pras.

Céad slán leat, a Teddy,
Prionsa fuinseoige,
Le do ghaiscí misniúla
A ghealaigh ár n-óige.
Mar ciocu camán nó máilín gaoi'
Don smacht is scil, ba tú an rí.
Deas nó clé, íseal nó ard
Bhí an uile bhuille ar do chompord.

Ba chuma Ceannáras nó i gCill Airne,
Nó aon fhód glas 'dir Corcaigh is Blárna,
Chífeá an Cárthach in árd a réim'.
Cárthach.
Sáirséalach.
Mórálach.
Aiclí dá réir
Leis an bpreab chun spéire nó an ghabháil san aer.

Is cuma cá ndéanfar aon tagairt
Do chluichí ársa na nGael
Nuair eachtrófar ar ghaiscí éachtúla,
Cloisfear t-ainm go láidir san aer.
Ní dhearúdfar go deo naoi déag nócha
Le Liam agus Sam linn cois Laoi
Dhá chorn go glórmhar in éineacht
A bhuíochas leatsa, Teidí.

D'imís gan choinne, rómhear uainn
Bhailís i bhfad Éireann ró-óg.
Tá gáire an rógaire ina thost anois,
Is scamall feasta mar chuid dár mbrón.
'Sé an trua ghéar é, a Thaidhgín
Gur séideadh an fheadóg róluath.

Ba é ár laoch é, Teddy Mac
Ba éa ár Caesar, Teddy Mac
Suan ná séan ní bhfuaires féin
Ó d'imigh uainn ár Teddy Mac.



COMHTHOLGADH



NÍ GA A BHEITH LEAGTHA AMACH!

PLEAN GNÍMH

- Aithin na comharthaí agus na siomptóim
- Tuairiscigh má tá aon amhras ann, ná déan é a cheilt
- Athshlánú trí scíth a ligean agus trí ghlacadh le treoir leighis
- Fill tar éis Prótacail maidir le Filleadh ar Imirt an Athuair a leanúint agus cead leighis a fháil

SIOMPTÓIM

- Tinneas Cinn, Mearbhaill, Samhnas, Meadhrán, Amharc Doiléir/Dúbailte, Íogaireacht i leith an tsolais, Meadhrán nó mearbhall a bheith ort, Gan a bheith "ag mothú i gceart", fadhbanna cuimhne, brú sa chloigeann

Le haghaidh na bPrótacal maidir le Filleadh ar Imirt an Athuair agus le haghaidh tuilleadh eolais faoi chomhtholgadh gabh chuig learning.gaa.ie/Concussion

MÁ TÁ AON AMHRAS ORT, COINNIGH AMACH ÓN NGORT

Le Jamie Ó Tuama



Ár gCluichí Ár Laochra

Seán Ó Sé

Ceapadh Seán O’ Shea, duine de laochra móra peile ne tíre, ina Ambasadóir Gaeilge de chuid Chumann Lúthchleas Gael le gairid. Mar chuid de na jabanna móra a thug muid dó le mí anuas, d’iarr muid air páirt a ghlacadh sa tsraith ‘Ár gCluichí, Ár Laochra’!

Ó d’imir Seán le Ciarraí don chéad uair thiar sa bhliain 2018, tá cúig cinn de Chraobhacha Mumhan, dhá cheann de Shraitheanna Náisiúnta agus Craobh amháin Uile-Éireann buaite aige. Bhí sé ina chaptaen ar Chiarraí nuair a bhuaigh siad an Chraobh Uile-Éireann sin i 2022 agus beidh cuimhne go deo ar an gcic saor buacach a d’aimsigh sé in aghaidh Átha



Cliath i gcluiche leathcheannais na bliana sin. Beidh cuimhne chomh maith ar a óráid bhuacach tar éis dó Corn Shomhailre Mhig Uidhir a ardú – de bharr an méid Gaeilge a labhair sé i measc cúiseanna eile. Tá dhá Ghradam All-Star buaite ag Seán go dtí seo.

Seo mar a d’fhreagair Seán ár gcuid ceisteanna!

Ainm:

Seán Ó Sé

Aois:

25

Club:

Na Seamróga An Neidín

Scannán is fearr leat:

The Greatest Showman

Leabhar is fearr leat:

Keith Earls Fight or Flight

Banna ceoil is fearr leat:

Coldplay

An áit is fearr leat:

Nua-Eabhrac

An bia is fearr leat:

Píotsa

Clár teilifíse is fearr leat:

Suits

An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:

Déaglán Ó Súilleabháin

Do chéad chuimhne CLG:

Mo chéad chluiche peile nuair a bhí mé ceithre bliana d'aois

An chéad uair ag imirt le do chontae:

In aghaidh Dhún na nGall i 2018

An t-imreoir is fearr le himirt leat:

David Clifford

An t-imreoir is fearr le himirt i d'aghaidh:

Lee Keegan

An cluiche is fearr a d'imir tú:

Cluiche Ceannais na hÉireann 2022

Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gcontae go dtí seo:

Cluiche Ceannais na hÉireann 2022

Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gclub go dtí seo:

Cluiche Ceannais an Chontae Idirmheánach 2016

An duine a raibh an tionchar is mó aige nó aici ar do shaol imeartha go dtí seo:

Mo theaghlach.

Aon chomhairle agat d'imreoirí óga:

Cleachtadh a dhéanann máistreacht!

Aon chaitheamh aimsire eile:

Is aoibhinn liom a bheith ag imirt gailf nuair a bhíonn am saor agam.

Laoch spóirt taobh amuigh de CLG:

Ronan O'Gara



Camchuairt Cheolmhar na hÉireann!

Le hAedín Ní Bhriain

Ag leanúint orainn ar turas bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh, seo chugaibh amhrán ó Mhaigh Eo – Cill Aodáin le Raifteirí, an file cáiliúil. Bainigí sult as! Éist le Cill Aodáin ar youtube ANSEO:

<https://youtu.be/tTZgUL4M5mw>



Cill Aodáin (Cill Liadain) (Anois Teacht an Earraigh)

le Antaine Ó Reachtabhra (Raifteirí) (1784-1835)

Anois teacht an earraigh beidh an lá ag dul chun síneadh,
Is tar éis na féil' Bríde ardóidh mé mo sheol.
Ó chuir mé i mo cheann é ní stopfaidh me choíche
Go seasfaidh mé síos i lár Chondae Mhaigh Eo.

I gClár Chlainne Mhuiris a bheas mé an chéad oíche,
Is i mballa taobh thíos de a thosós mé ag ól
Go Coillte Mách rachad go ndéanfad cuairt mhíosa ann
I bhfogas dhá mhíle do Bhéal an Átha Mhóir

Fágaim le huacht é go n-éiríonn mo chroí-se
Mar a éiríonn an ghaoth nó mar a scaipeann an ceo
Nuair a smaoiním ar Cheara nó ar Ghaileang taobh thíos de
Ar Sceathach an Mhíle nó ar phlánaí Mhaigh Eo.

Cill Aodáin an baile a bhfásann gach ní ann,
Tá sméara 's subh craobh ann is meas de gach sórt,
Is dá mbéinnse i mo sheasamh i gceartlár mo dhaoine
D'imeodh an aois díom is bheinn arís óg.



Seaimpíní Roinn 1 de Shraith Peile Allianz 2023 - Maigh Eo



Foireann Iomána Lú

10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!

Ná bígí ag googláil!

1. Cá n-imríonn An Longfort a gcuid cluichí baile?
2. Ce hé Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael?
3. Cén contae lena n-imríonn Paddy Deegan?
4. Cé a fuair an ceann is fearr ar Mhuineachán i gCluiche Leathcheannais Sinsear Peile na hÉireann anuraidh?
5. Cé hiad curaidh idirchontae iomána chúige Mumhan?
6. Cén craobhchomórtas idirchontae iomána ina imir Lú i 2023?
7. Cé hé bainisteoir peile an Dúin?
8. Cé hé bainisteoir iomána Loch Garman?
9. Cén contae lenar imir Emlyn Mulligan?
10. Cén contae lena n-imríonn Seán Ó Maoilchiaráin?

FREAGRAÍ





**TABHAIR
MEAS
TUILL
MEAS**

Ár gcluichí. Ár rogha.

U	A	C	B	S	G	C	Á	E	D	C	E	E	D	B	É	D	C
A	N	M	H	Í	G	L	F	F	B	H	A	E	G	U	A	F	I
L	Ó	H	Ó	P	N	R	Í	M	S	I	R	T	L	S	Ú	M	L
T	A	P	M	Á	N	L	B	O	M	C	C	Ó	L	N	D	I	L
A	R	H	I	S	H	Í	G	T	U	F	I	Ú	É	G	U	E	C
R	Í	A	L	C	D	M	E	Á	I	N	L	É	O	B	F	Ó	H
Ó	B	U	C	E	Ú	D	T	É	N	S	L	E	R	F	P	G	A
G	Ó	C	N	A	B	M	U	L	E	I	M	Í	Á	H	A	Ú	I
R	A	O	Á	T	H	C	L	I	A	T	H	T	P	Á	R	B	N
É	G	A	F	H	Ú	R	E	U	C	É	A	D	T	S	C	S	N
A	Á	H	B	A	C	Í	D	I	H	L	N	E	P	M	É	Ó	I
C	L	I	R	R	Í	M	P	H	Á	O	T	M	G	Ó	F	N	G
H	S	O	M	L	T	N	L	Ú	N	Ó	Á	U	P	P	G	R	H
Á	E	Á	D	A	I	C	B	L	B	C	I	A	R	R	A	Í	A
I	C	É	Í	C	F	D	H	G	Ú	D	N	H	É	T	I	S	E
N	A	O	M	H	T	O	M	Á	S	É	I	G	G	Í	L	F	Í
A	O	C	L	B	Ó	I	M	N	D	F	M	E	L	N	L	I	O
N	D	Á	P	C	A	R	B	U	R	Ú	P	S	T	Ó	I	T	S
G	B	É	L	A	M	E	F	Á	N	G	U	R	H	Ú	M	O	Í
L	U	I	M	N	E	A	C	H	M	C	L	Ó	D	I	H	E	P
E	E	N	B	I	Ó	I	H	P	G	Í	R	F	S	E	H	T	G
A	Í	C	L	B	D	M	Á	É	N	A	E	Ó	U	O	F	Ú	P
N	D	Á	É	Á	Ú	E	A	U	F	T	Ú	G	S	T	F	R	H
N	A	Ó	C	B	N	O	C	M	P	D	L	R	É	I	E	R	Í

Na Seaimpíní – Aimsigh na Focail!

Aimsigh na seaimpíní seo a leanas:

**Ualtar Ó Gréacháin, An Gleann
(Aindí Ó Muireagáin), Naomh**

Tomás (Tomás Ó Mórdha),

**Luimneach (Liam Mac Cárthaigh
agus Micheál Ó Maca), Áth Cliath**

**(Somhairle Mag Uidhir agus
Ó Dúshláine), Cill Chainnigh**

**(Roibeard Ó Caoimh), Ceatharlach
(Seosamh Mac Donncha), An**

**Mhí (Críostóir Ó Rinn agus Corn
Tailteann), Cill Mhantáin (Nioclás**

Mac Riocaird), Muineachán

(Labhraí Ó Meachair), Doire

**(Angla-Cheilteach), Ciarraí (Corn
na Mumhan), Gaillimh (Mac an**

Adhastair)



Naomh Tomás agus An Gleann in uachtar i nGradaim Imreoirí Club AIB CLG

Is iad Naomh Tomás agus an Gleann atá in uachtar tar éis gur fógraíodh Gradaim Imreoirí Club AIB CLG níos luaithe an mhí seo.

Is ar thaispeántais i gCraobhchomórtais Chúige agus Uile-Éireann AIB GAA a roghnaítear foirne iomána agus peile na bliana agus bronnadh 6 ghradam as 15 ar an dá chlub sin.

Is é Uachtarán nua CLG, Iarlaith Ó Broin, a bhronn na gradaim ar na buaiteoirí ag ócáid bhronnta i bPáirc an Chrócaigh, Dé hAoine, 8 Márta.

Fógraíodh gurb iad Paddy Deegan agus Conor Glass lománaí agus Peileadóir Club na Bliana de chuid AIB CLG ar an oíche, freisin.

Rinne Uachtarán CLG, Iarlaith Ó Broin, comhghairdeas leis na himreoirí uilig a roghnaíodh do Ghradaim Imreoirí Club AIB CLG agus dúirt;

‘Tá na craobhchomórtais chlub mar a bheadh ‘an Soitheach Naofa’ ann ag leibhéal an chontae. Is líon beag imreoirí a fhaigheann seans craobhchomórtais chúige a bhaint ina dhiaidh sin agus ní bhíonn sé d’ádh ach ar fhíorbheagán tabhairt faoi chluiche ceannais uile-Éireann a bhaint.

‘Bliain i ndiaidh bliana, bíonn comórtais iontacha againn ina mbíonn clubanna ar thóir na glóire dá gcuid pobal agus cuireann gach rud a tharlaíonn ar a dturais faoi gheasa muid. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár gcuid páirtneirí, AIB, as ucht a gcuid cabhrach i gcothú na gcrabhbhchomórtais iontach seo do Chumann Lúthchleas Gael.’

GRADAIM IMREOIRÍ CLUB NA BLIANA, AIB CLG

PEIL

1. **Rory Beggan** (An Bhoth)
2. **Ryan Dougan** (Ualtar Ó Gréacháin, An Gleann)
3. **Brian Stack** (Naomh Bríd)
4. **Pearse Frost** (Naomh Bríd)
5. **Ruaidhrí Fallon** (Naomh Bríd)
6. **Ciarán McFaul** (Ualtar Ó Gréacháin, An Gleann)
7. **Michael Warnock** (Ualtar Ó Gréacháin, An Gleann)
8. **Conor Glass** (Ualtar Ó Gréacháin, An Gleann)
9. **Emmett Bradley** (Ualtar Ó Gréacháin, An Gleann)
10. **Eunan Mulholland** (Ualtar Ó Gréacháin, An Gleann)
11. **Paul Mannion** (Cill Mochuda Na Crócaigh)
12. **Shane Walsh** (Cill Mochuda Na Crócaigh)
13. **Ben O’Carroll** (Naomh Bríd)
14. **Darragh Kirwan** (Nás na Ríogh)
15. **Brian Hurley** (Gleann Bearcháin)

Na hainmniúcháin le haghaidh Pheileadóir Club na Bliana, AIB CLG

Conor Glass
Ben O’Carroll
Shane Walsh

Fógraíodh gurb iad Paddy Deegan agus Conor Glass lománaí agus Peileadóir Club na Bliana de chuid AIB CLG ag Gradaim na nImreoirí Club le gairid

IOMÁINT

1. **Gerald Kelly** (Naomh Tomás)
2. **Paddy Burke** (Ruairí Óg, Cois Abhann Dála)
3. **Fintan Burke** (Naomh Tomás)
4. **Huw Lawlor** (Gaeil Uí Lochlainn)
5. **David Fogarty** (Gaeil Uí Lochlainn)
6. **Paddy Deegan** (Gaeil Uí Lochlainn)
7. **Shane Cooney** (Naomh Tomás)
8. **David Burke** (Naomh Tomás)
9. **Paddy Leavey** (Baile Mhic Gunnair)
10. **Mark Bergin** (Gaeil Uí Lochlainn)
11. **Conor Cooney** (Naomh Tomás)
12. **Peter Hogan** (Baile Mhic Gunnair)
13. **Dessie Hutchinson** (Baile Mhic Gunnair)
14. **Éanna Burke** (Naomh Tomás)
15. **Neil McManus** (Ruairí Óg, Cois Abhann Dála)

Na hainmniúcháin le haghaidh Iománaí Club na Bliana, AIB CLG

Paddy Deegan
David Burke
David Fogarty





Podchraoladh Oifigiúil Chumann Lúthchleas Gael

I gcomhar le...



106.4FM
RAIDÍÓ
NA LIFE
Cuisle na Cathrach



‘Lá na gClub’ ag filleadh ar Luan na Cásca

Tá sé deimhnithe go mbeidh ‘Lá na gClub’ ag filleadh ar chlubanna de chuid na gcluichí Gaelacha ar fud na tíre agus ar fud an domhain ar Luan na Cásca, 1 Aibreán, 2024.

Beidh tábhacht níos mó ná riamh ag baint le ‘Lá na gClub’ i mbliana i gclubanna ar fud na tíre de bharr gur cothrom na bliana seo 140 bliain ó shin a cuireadh Cumann Lúthchleas Gael ar bun sa bhliain 1884. Sa bhreis air sin, tá 120 bliain caite ó cuireadh an Cumann

Camógaíochta ar bun sa bhliain 1904 agus tá 50 bliain caite ó cuireadh Cumann Peile na mBan ar bun sa bhliain 1974. Cothrom na bliana seo 100 bliain ó shin a cuireadh Liathróid Láimhe CLG ar bun, freisin.

Táthar ag moladh do gach club ar fud mhórphobal na gcluichí Gaelacha in Éirinn agus níos faide i gcéin ócáidí a eagrú ar ‘Lá na gClub’, nó má fheileann sé níos fearr dóibh, le linn an deireadh seachtaine sin agus féile mhór spráúil idirnáisiúnta cluichí Gaelacha

a chruthú agus a eagrú ina bhfuil fáilte roimh chách chuici.

Seolfar feachtas speisialta d’fhonn cabhrú le clubanna páirt a ghlacann sa lá, sna seachtainí amach romhainn agus tugtar cuireadh do chlubanna agus don mhórphobal i gcoitinne páirt a ghlacadh ann.

Tá gach eolas maidir le Lá na gClub 2024 le fáil ar shuíomh idirlín Chumann Lúthchleas Gael ANSEO!

<https://www.gaa.ie/article/gclubanna>

GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht



Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar shárúithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhgairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoinne agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, fiseáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

- ✓ **Ba cheart d'imreoirí, cóitéalaithe agus Clubanna CLG:** Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ **Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti**
- ✓ **Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'**
- ✓ **Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta**
- ✓ **An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn**

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanáil i ngach Club 'éiteas frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:

- DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?
 - FAD H**An bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?
 - MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?
 - CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?
- Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fheastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG

TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ

Ó Dhuine Óg go Duine Óg
Dhuine Óg go Duine Fásta
Dhuine Fásta go Duine Óg

Bíodh gach Seachtain ina Seachtain na Gaeilge

Le Jamie Ó Tuama



Cláraigh do chlub le Fondúireacht Sheosaimh Mhíche Dhooncha i 2024

Tá féile Sheachtain na Gaeilge thart faoin tráth seo ach ní hionann sin is a rá nach féidir linn ár gcuid Gaeilge a chleachtadh arís go dtí mí Márta na bliana seo chugainn! Ábhar bróid don chumann an méid ball, clubanna, conteatha agus cúigí fud fad na cruinne a ghlac páirt san fhéile i mbliana, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, agus ghlac go leor páirt sa chomhrá ar líne ag #GAAGaeilge, freisin. Ná cuirimis deireadh leis an gcomhrá anois! Coinnimis orainn ag cur chun cinn na Gaeilge inár gcuid clubanna agus inár gcuid pobal. Bíodh an Ghaeilge ag croílár ár gclubanna agus ár gCumann!

Cheap Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG Seán O'Shea mar Ambasadóir Gaeilge do CLG le gairid agus tá muid ag súil go mór le gabháil i mbun oibre le Paul sa bhliain amach romhainn.

Tá Fondúireacht Sheosaimh Mhíche Dhooncha lárnach i gcur chun cinn na Gaeilge sna clubanna agus bhí os cionn 250 club cláraithe leis an scéim seo anuraidh. Scéim í do chlubanna CLG atá á riar ag Glór na nGael i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael. Mara bhfuil do chlub cláraithe, cláraigh go beo iad!

Bíonn an Ghaeilge le feiceáil ar ardáin chumarsáide CLG gach lá agus is féidir teacht ar an nuacht is deireanaí #GAAGaeilge ar shuíomh idirlín CLG. Leanfar ar aghaidh ag cur podchaoltaí Gaeilge ar fáil i gcomhar le Cian agus Cárthach ó An Spota Dubh. Bíonn 'Cuaille' – iris Ghaeilge an Chumann – ar fáil uair sa ráithe agus bíonn ailt rialta le feiceáil i Nuachtlitir na gClubanna gach mí.

Bíonn turais ar Pháirc an Chrócaigh ar fáil ach iad a lorg ó Mhúsaem Pháirc an Chrócaigh. Bíonn iarratais Ghaeilge – idir amhráin, nuachleasanna agus

scéalaíocht/aithriseoireacht – ag babhtaí de chuid Scór. Eagraítear na comórtais seo go dátheangach agus bíonn go leor Gaeilge le cloisteáil ann i gcónaí. Tugtar rogha do gach dalta idirbhliana a dhéanann an clár 'Ceannairí don Todhchaí' nó 'Future Leaders' é a dhéanamh go hiomlán trí Ghaeilge.

Tá blaisín beag de na rudaí a dhéanann CLG chun an Ghaeilge a chur chun cinn le feiceáil thuas. Coinnimis orainn ag cur na Gaeilge ag croílár ár gCumann. Eagraímis ócáidí agus imeachtaí Gaeilge ag leibhéal an chlub, an chontae, an chúige agus go náisiúnta ó cheann ceann na bliana. Déanaimis ceiliúradh ar ár dteanga náisiúnta, ní hamháin le linn Sheachtain na Gaeilge, ach le linn na bliana ar fad. #GAAGaeilge abú!

Labhraímis í agus mairfidh sí!

IARLAITH Ó BROIN – Uachtarán Nua Chumann Lúthchleas Gael

Is é Iarlaith Ó Broin an 41ú hUachtarán de chuid CLG ó bunaíodh an Cumann thiar sa bhliain 1884, tar éis dó teacht i gcomharbacht ar Labhrás Mac Carthaigh, Nua-Eabhrac, ag Comhdháil Bhliantúil CLG in Óstán an Canal Court in Iúr Cinn Trá Dé Sathairn, 24 Feabhra, 2024.

Is ball é Iarlaith de chuid CLG Bhéal Átha an Airgid in Ard Mhacha a shaothraigh go cumasach thar ceann a chlub, a chontae agus a chúige ar an bpáirc imeartha agus amuigh ón bpáirc imeartha i gcónaí.

Bhí sé ina rúnaí ar a chlub féin ag an am a toghadh agus a insealbhaíodh é agus bhí an iliomad rólanna éagsúla aige leis an gclub céanna thar na blianta.

Leanfaidh sé leis ina ról mar rúnaí club le linn a thréimhse Uachtarántachta.

Ar an bpáirc imeartha, d’imir Iarlaith le hArd Mhacha ar feadh 13 bliain. D’imir sé i lár na páirce agus bhí sé ina chaptean nuair a bhuaigh siad Craobh Shinsear Uladh sa bhliain 1999 – an chéad uair dóibh Corn an Anglo Celt a bhuaich ó 1982 i leith. Roimhe sin, d’imir sé le foireann Naomh Muire a bhuaigh Corn Sigerson sa bhliain 1989. Le linn a leathanta scoile, d’fhreastail sé

ar Choláiste Cholmáin, Iúr Cinn Trá, áit ar mhúin duine de bhunaitheoirí Chumann Lúthchleas Gael, Micheál Cíosóg, ar feadh seal dá shaol sular bunaíodh an Cumann.

Le linn dó a bheith ina riarthóir náisiúnta, chaith Iarlaith seal ina Chathaoirleach ar chéad Choiste na nIomroirí sa bhliain 2000 agus bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Comórtha 125 bliain de CLG a bheith ar an bhfód sa bhliain 2009. Bhí sé ina thoscaire Ard-Chomhairle thar ceann Ard Mhacha chomh maith le bheith ina bhall de chuid Choiste Leighis agus Eolaíochta CLG, de chuid an Ghrúpa um Láithriú Páirce agus de chuid an Bhuanchoiste um Rialacha Imeartha.


Tá sé an-tugtha do Scór agus don Ghaeilge agus chaith sé na blianta ina chomhthráchtair iomráiteach le TG4. Múinteoir meánscoile é Iarlaith agus le linn a ré mar Phríomhoide ar Naomh Pól sa Sruthán i gContae Ard Mhacha, tháinig fás as cuimse ar an scoil. Tá 1,800 scoláire ag freastal ar an scoil anois.

Is é an chéad iarimreoir idirchontae le bheith ina Uachtarán CLG ó bhí Nioclás Ó Braonáin ina Uachtarán (2006–2009) agus is é an chéad oifigeach ó chlub sna Sé Chontae le bheith ina Uachtarán ar an gCumann ó bhí Peadar Ó Cuinn ann (1991–1994).

Toghadh Iarlaith ar an gcéad chomhaireamh i dtoghchán an Uachtaráin Tofa i bPáirc an Chrócaigh ag Comhdháil Bhliantúil 2023, nuair a d’éirigh leis 158 as

277 vóta a fháil. Trí bliana roimhe sin tháinig sé sa dara háit taobh thiar de Labhrás Mac Carthaigh. Rugadh é sa bhliain 1968. Tá sé pósta le Suzanne agus tá cúigear clainne acu.

Is é Iarlaith an dara duine de bhunadh Ard Mhacha le bheith ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael tar éis d’Alf Ó Muirí a bheith sa ról idir na blianta 1964–1967. Mairfidh a thréimhse oifige go dtí mí Feabhra, 2027.



Iarlaith Ó Broin, Uachtarán Nua Chumann Lúthchleas Gael, ar an ionsaí d’Ard Mhacha in aghaidh na Mí thiar sa bhliain 1999

Le Jamie Ó Tuama

An tAgallamh Mór – GRÁINNE McELWAIN, CATHAOIRLEACH CHOISTE NÁISIÚNTA GAEILGE CLG 2021-2024

Is í Gráinne McElwain a bhí mar Chathaoirleach ar Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG idir 2021 agus 2024 le linn thréimhse Uachtaránachta Labhráis Mhic Carthaigh.

Is fearr aithne ar Ghráinne de bharr a cuid láithreoireachta ar GAAGO agus roimhe sin ar leithéidí Sky Sports, RTÉ agus TG4. Is iomaí rud a d'éirigh le Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG a bhaint amach ar son na Gaeilge i gCumann Luthchleas Gael le trí bliana anuas, freisin, faoina stiúir.

Is minic a chuirtear an cheist, 'céard go díreach a bhíonn ar bun ag Coiste Náisiúnta na Gaeilge?' agus, mar sin, thapaigh mé an deis suí síos le Gráinne le súil a chaitheamh siar ar a tréimhse mar Chathaoirleach ar Choiste Náisiúnta na Gaeilge.

Thosaigh mé le fiafraí di cur síos achoimreach a dhéanamh ar an tréimhse sin.

Ceist: Suimigh suas do sheal mar Chathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge i mbeagán focal, a Ghráinne.

Gráinne: Bhain mé an oiread sin suilt as a bheith i mo Chathaoirleach ar Choiste Náisiúnta na Gaeilge. Ba mhór an onóir domsa a bheith mar Chathaoirleach agus thaitin sé go mór liom a bheith ag plé leis an nGaeilge, rud atá an-ghar do mo chroí, agus na bealaí éagsúla gur féidir linn an Ghaeilge a chur chun cinn, a neartú agus a chothú taobh istigh de Chumann Lúthchleas Gael.

Bhí sé iontach. Bhí an oiread sin suilt agam a bheith ag obair le Coiste spráúil, fuinniúil a raibh an-dúil acu sa Ghaeilge. Thaitin sé go mór liom a bheith ag obair leo agus ag plé na rudaí a d'fhéadfadh muid a chur amach níos mó i mbéal an phobail.

Sin rud a mhothaigh mé ag teacht isteach sa ról. Tá go leor Gaeilge i gCumann Lúthchleas Gael ach, b'fhéidir, nach dtuigeann daoine sa phobal an méid Gaeilge atá ann. Bhí sé deas go raibh muid in ann díriú ar níos mó poiblíochta a dhéanamh ar an nGaeilge.

Léigh tuilleadh [ANSEO](#)



Aedín Ní Bhriain in éineacht le hAmbasadóir na Gaeilge, Seán O'Shea, agus Gráinne McElwain

An tarraingt déanta do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2024

Rinneadh an tarraingt do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2024 ag Cruinniú Cinn Bhliana Chomórtas Peile na Gaeltachta in Óran Mór le gairid. Beidh comórtais na bliana seo á reáchtáil ag CLG Chill na Martra, Múscraí, Contae Chorcaí, idir 31 Bealtaine agus 3 Meitheamh. Tiocfaidh lucht Gaeilge agus lucht Gaeltachta as gach cearn den tír le bheith páirteach ann.

Is iad CLG Bhulf Tón na Mí curaidh reatha na sinsear i gComórtas na bhFear agus is iad Cill Chomáin Mhaigh Eo curaidh na sóisear. Thug an Tearmann leo Craobh na Sinsear i gComórtas na mBan agus ba iad An Clochán Liath a thug leo Craobh na Sóisear.

Is féidir coinneáil suas chun dáta leis an nuacht uilig ó Chomórtas Peile na Gaeltachta ar Rannóg Ghaeilge GAA.ie nó ar Twitter ar @CPnaGaeltachta.

Is mar seo a leanas a tarraingíodh amach na foirne do chomórtais na bhfear agus beidh foirne na mban le deimhniú sna seachtainí amach romhainn:

Comórtas Peile na Gaeltachta 2024 – Comórtas na bhFear - Sinsir

Réamhbhabhta

A Maigh Eo v Corcaigh

Babhtaí Ceathrú Ceannais

1 An Rinn v Bhulf Tón

2 Buaiteoirí na Gaillimhe v An Daingean

3 Dún na nGall v Buaiteoirí A

Babhtaí Leathcheannais

3 v Cill na Martra

1 v 2

Comórtas Peile na Gaeltachta 2023 – Comórtas na bhFear – Sóisir

Réamhbhabhtaí

1. Cill na Martra (Corcaigh) v Corcaigh A

2. Maigh Eo v Clann na nGael B

Babhtaí Ceathrú Ceannais

A v B

B. Laochra Loch Lao v Buaiteoirí Chiarraí

C. Buaiteoirí Dhún na nGall v Buaiteoirí na Gaillimhe

D. Na Gaeil Óga v An Seanphobal

Cluichí Leathcheannais

B v D

A v C




TRASNA

1. Ionad Chomhdháil Bhliantúil Chumann Lúthchleas Gael i 2023? (5,2,9)
7. Peileadóir na bliana i 2017 (5)
8. Rúnaí Chumann Lúthchleas Ghael roimh Ó Maolmhichíl? (1,8)
11. Céilí comhraic an Chabháin i 1947? (7)
12. Contae dúcháis Mhuiris Uí Dhaimhín (8,5)

SÍOS

2. Club Neil McManus? (6, 2)
3. Líon na nGardam All-Star ag Pat Spillane (4)
4. Captaen buacach Thír Eoghain i 2003? (7)
5. Seaimpíní deireanacha Uile-Éireann idirchontae Chonnacht (9)
6. Líon Craobhach Uile-Éireann idirchontae ag Shefflin? (5)
7. Buaiteoirí Chorn Lory Meagher i 2023? (10)
9. An chathair inar rugadh Liam Mac Cárthaigh? (7)
10. Líon foirne i Sraitheanna Iomána Allianz i mbliana? (6, 5)



FREAGRAÍ



Crosfhocal

Fondúireacht
Sheosaimh
Mhic Dhonncha

Ár gCluichí
- Ár Laochra



Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !

Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!

Is scéim tacaíochta de chuid Glór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

www.glornangael.ie

Glór
na nGael

GAA

Foras na Gaeilge

STRATÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
An t-Éireann, An tScoil

An Roinn Cultúir,
Oideachas agus Coilíníochas
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Cramchur
Náisiúnta

Leabhrán an Réiteora Óig ar fáil anois

Seoladh 'Leabhrán an Réiteora Óig' ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh le gairid ar an lá céanna a fógraíodh Seán O'Shea mar Ambasadóir Gaeilge CLG do 2024.

Achmhainn luachmhar é seo do lucht bunscoile agus dóibh siúd atá i mblianta tosaigh na meánscoile atá ag smaoineamh tabhairt faoin réiteoireacht. Tá gach uile chineál nath cainte le fáil sa leabhrán ó 'lámh ar dhroim', go 'dhá phreab' go 'camán a chaitheamh'.

Ar an mbarr sin tá agallamh ann le réiteoir óg, cuardach focal, liosta de na téarmaí uilig a bhaineann le feisteas an réiteora agus go leor eile. Tá an leabhrán seo úsáideach, ach go háirithe, do réiteoirí óga Gaeltachta agus Gaelscoile.

Is féidir Leabhrán an Réiteora Óig a íoslódáil [ANSEO](#)



Freagraí

P. 10

10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh

1. Páirc na bPíarsach Glennon Brothers
2. Seán O'Shea
3. Cill Chainnigh
4. Áth Cliath
5. Luimneach
6. Corn Níocláis Mhic Riocaird
7. Conor Lavery
8. Keith Rossiter
9. Liatroim
10. Gaillimh

P. 21

Crosfhocal

1P	Á	I	2R	C	A	3N	C	H	R	Ó	4C	A	I	5G	H
			U			A					A			A	
			A			O		6D			N			I	
			I			I		E			A			L	
	7M	O	R	A	N			I			V			L	
	U		Í					C			A			I	
	I		8Ó	S	Í	O	C	H	Á	I	N			M	
	N		G									9L		H	
	E									10T	O				
	A									R	N				
	11C	I	A	R	R	A	Í			O	D				
	H									C	A				
	Á									H	I				
	12T	I	O	B	R	A	I	D	Á	R	A	N	N		
	N										C				
											Ú				
											I				
											G				



Scór Sinsear 2024 faoi lánseol

Níl ach ceithre mhí ann ó bhí Babhtaí Ceannais Scór Sinsear 2023 ar siúl san INEC i gCill Airne ach tá an cleachtadh tosaithe an athuir le ceoltóirí, damhsóirí, fonnadóirí, aisteoirí agus siamsóirí ag cleachtadh fud fad na tíre le haghaidh scléip na bliana seo.

Is ar ais san INEC a bheidh na Babhtaí Ceannais arís i mbliana agus na mílte rannpháirithe ag iarraidh Cill Airne a bhaint amach agus a bheith san áireamh le haghaidh bonn uile-Éireann. Tá na babhtaí ceannais contae faoi lánseol faoi láthair agus tá gach eolas le fáil ar leathanach Facebook GAA Scór Oifigiúil.

I measc na n-iomaitheoirí i mbliana, dar ndóigh, beidh go leor de bhuaiteoirí 2023 agus iad ag iarraidh a gcraobhacha a chosaint agus an lámh in uachtar a fháil arís eile ar a rogha comórtais. Cinnteoidh sé sin go mbeidh ardchaighdeán ann agus go mbeidh plúr na siamsaíochta le feiceáil ann.

Is féidir leat breathnú siar ar Bhabhtaí Ceannais Scór Sinsir 2023 ANSEO a bhuíochas le TG4 a chraolaigh na babhtaí ceannais beo ar YouTube!

SEO A LEANS SÚIL SIAR AR BHUAITEOIRÍ SCÓR SINSEAR 2023

Rince Foirne: Biorra, Uíbh Fhailí

Amhránaíocht Aonair: Sara Ní Chatháin, Ail Finn, Ros Comáin

Aithriseoireacht/Scéalaíocht: Máiréad Uí Ghráda, Móin na nGé, Luimneach

Nuachleas: Carn an Bhua, Cill Mhantáin

Bailéad-Ghrúpa: Mainistir Chnoc Muaidhe, Gaillimh

Ceol Uislice: Mainistir Chnoc Muaidhe, Gaillimh

Rince Seit: An Spá, Ciarraí

Tráth na gCeisteanna: Sráid an Mhuilinn, Corcaigh



Seo a leanas na dátaí do na craobhacha cúige agus do Bhabhtaí Ceannais na hÉireann:

An Mhumhain, 13 Aibreán

Connachta, 14 Aibreán

Ulaidh, 20 Aibreán

Laighean, 21 Aibreán

Babhtaí Ceannais na hÉireann, 11 Bealtaine

MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de ‘Cuaille’. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.

Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.

Deartha ag DBA Publications,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN